# 1. Faisnéis faoin Dámhachtain do Thionscadal Ailtireachta

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Tá trí shnáithe sa dámhachtain seo agus tá feidhm ar leith ag gach ceann acu.

### Snáithe 1: Taighde agus forbairt

Is é cuspóir an tsnáithe seo deis a thabhairt d'iarratasóirí smaointe san ailtireacht a bhaineann le tionscadail Shnáithe 2 (Táirgeadh) NÓ Shnáithe 3 (Rannpháirtíocht) a fhiosrú, a thástáil agus a fhorbairt.

Tá smaointe do thionscadail a forbraíodh faoi Shnáithe 1 incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Shnáithe 2 nó Shnáithe 3, de réir mar is cuí, i mbliain ina dhiaidh sin.

Tá sé riachtanach don snáithe seo gur **ailtire**[1] nó **céimí ailtireachta**[2] atá san iarratasóir NÓ i mball lárnach den fhoireann in iarratas grúpa – (e.g. in iarratas ó choimeádaí, grúpa pobail, féile, ionad ealaíon, údarás áitiúil, etc. i gcás iarratais a d'fhéadfaí a fhorbairt ina thionscadal Rannpháirtíochta Shnáithe 3).

### Snáithe 2: Léiriú

Is é cuspóir an tsnáithe tacú le hobair nua uaillmhianach aon uaire a dhéanann **ailtirí** nó **céimithe ailtireachta** ag céim ar bith dá ngairmréim san ailtireacht nó faoin ailtireacht trí shaothair spásúla, ábhartha nó saothair fhisiciúla eile a chruthú a bhfuil aschur fíor agus follasach acu, agus a bhféadfadh an pobal (i spás poiblí i gcás saothar tógtha nó ábhartha) dul i ngleic leo.

D’fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha:

- Cuirtear ar chumas daoine saothar a chruthú san ailtireacht atá dúshlánach agus a bhfuil riosca ealaíne agus riosca cruthaitheach ag baint leis
- Éascaítear fiosrú agus/nó tástáil smaointe cruthaitheacha san ailtireacht
- Forbraítear agus leathnaítear dioscúrsa criticiúil ar an ailtireacht mar fhoirm ealaíne (e.g. trí scríbhneoireacht, trí scannáin, etc.).

---

[1] Is éard an bhrí atá leagann muid ar ailtire ná duine a bhfuil cáilíocht ailtireachta acu atá liostaithe i dtreoir 85/384/CEE ó Chomhairle an AE nó, taobh amuigh den Eoraip, cáilíocht atá aitheanta ag an rannóg chuí atá mar bhall den Union Internationale d’Architecture (UIA) agus a bhfuil cumas cruthaithe acu i gcleachtas gairmiúil na hailtireachta.

[2] Is éard an bhrí atá leagann muid ar chéimí ailtireachta ná duine a bhfuil céim tríú leibhéil san ailtireacht críochnaithe acu ach nach bhfuil ar Chlár na nAiltirí go fóill.

**Ní mór** cáipéisí a chruthaíonn go bhfuil an méid thuasluaite ag an duine a sholáthar agus an t-iarratas á dhéanamh.

Ealaíon, Maoiniú Comhpháirtíochta nó Maoiniú Deontais Ealaíon 2025 iarratas a dhéanamh ar Shnáithe 1 (i gcás ina mbaineann an t-iarratas le tionscadal Léiriúcháin Shnáithe 2 nó ina bhféadfaí é a fhorbairt ina Shnáithe 2) NÓ Léiriúchán Shnáithe 2, bíodh is go bhfáilteofar roimh rannpháirtíocht eagraíochtaí den sórt sin mar chomhpháirtithe

- Forais Chultúrtha Náisiúnta (CNCI) (nó a gcomhaltaí Comhairle) atá maoinithe go díreach ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.
- Daoine a oibríonn ar bhonn leanúnach le heagraíochtaí atá á maoiniú trí aon cheann de na cláir thuas
- Daoine aonair nó eagraíochtaí nach bhfuil cuntas teiste inléirithe mar ealaíontóirí ná mar eagraíochtaí gairmiúla acu
- Daoine atá i mbun oideachais fochéime faoi láthair (lena n-áirítear iad siúd atá ag gabháil do chúrsaí bonnchéime) nó a bheidh ina bhun le linn na tréimhse a bhfuil an dámhachtain seo ar fáil.
- Daoine aonair atá ag lorg tacaíochta i dtreo táillí le haghaidh oideachas iarchéime (lena n-áirítear neamhchreidiúnaithe)/ardoideachais nó staidéir
- **Tabhair faoi deara:** ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar an dámhachtain mar dhuine aonair agus mar bhall d'eagraíocht – e.g. ní féidir leat iarratas a dhéanamh mar stiúrthóir ealaíne ar chuideachta agus iarratas a dhéanamh faoi d'ainm féin freisin.

## 1.5 Cad ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Tá trí leibhéal maoinithe ar fáil de réir an tsnáithe a bhfuil iarratas á dhéanamh agat air:

| | An t-uasmhéid atá ar fáil* |
|---|---|
| **Snáithe 1: Taighde agus forbairt** | Suas le €7,000 |
| **Snáithe 2: Léiriú** | Suas le €80,000 |
| **Snáithe 3: Rannpháirtíocht** | Suas le €25,000 |

* Is ionann an méid agus an t-**uasmhéid** is ceadmhach duit a iarraidh faoi gach snáithe – ní hann d'aon íosmhéid.

- Comhpháirtithe nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin
- Foireann lárnach nó príomhphearsanra riaracháin

Mar shampla, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Aistritheoir TCÉ
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana

**Nóta:** is féidir chur isteach ar na costais seo anuas ar an uasmhéid atá ar fáil don ghradam agus iad a chur san áireamh sa mhéid iomlán a iarrtar.

**2. Costais chun do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine eile – costais rochtana poiblí**

Ba mhaith linn a chinntiú go mbaineann níos mó daoine taitneamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus go bhféadfadh gach duine rochtain a fháil ar an obair a mhaoinímid.

Baineann na costais seo le do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ba cheart go mbeadh siad mar ghnáthchuid de do chuid oibre.

Mar shampla, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Aistritheoir ISL le haghaidh d'imeachta nó d'fheidhmíochta
- Seirbhís cur síos fuaime a úsáid
- Do shuíomh gréasáin a dhéanamh comhoiriúnach le léitheoirí scáileáin
- Ábhair taispeántais a tháirgeadh i bhformáidí eile mar Bhraille nó clos-leagan

**Cad a tharlaíonn má tá an maoiniú a chuirtear ar fáil níos lú ná mar a d'iarr mé?**

Má thairgtear maoiniú duit atá níos lú ná mar a d'iarr tú, pléifimid leat conas do ghníomhaíocht beartaithe a chur i gcrích agus an buiséad leasaithe á plé againn.

Nílimid ag súil go laghdóidh tú nó go mbainfidh tú aon tacaíocht rochtana amach ó d'iarratas a dhéanann do chuid oibre inrochtana do dhaoine eile.

**Nóta:** cur na costais seo san áireamh sa mhéid iomlán a iarrtar laistigh den

uasmhéid atá ar fáil don ghradam.

**Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana**

Ní mór dúinn a thuiscint cén fáth go bhfuil tú ag cur isteach ar chostais rochtana agus conas a chomhlíonann siad riachtanais do rannpháirtithe nó do lucht féachana.

Má chuireann tú costais rochtana san áireamh i do thogra, ní mór duit:

- Na costais a léiriú ar dhá líne ar leith san áit a léirítear san fhoirm iarratais.

a) Líne do chostais rochtana pearsanta nó rannpháirtithe amháin.
b) Líne do chostais rochtana poiblí amháin.

**Nóta:** cibé an n-úsáideann tú teimpléid bhuiséid na Comhairle Ealaíon nó do dhoiciméad buiséid féin, ní mór an dá chineál costais rochtana a léiriú leo féin laistigh de do bhuiséad.

## 1.6 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Ní fhéadfaidh tú cur isteach ar níos mó ná dámhachtain tionscadail amháin in aon fhoirm ealaíne/aon chleachtas ealaíon in aon bhabhta maoiniúcháin amháin, i.e. ní féidir leis an aon iarratasóir amháin iarratas a chur isteach ar Dhámhachtain do Thionscadal Ailtireachta agus ar Dhámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta in aon bhabhta amháin.

I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá siad seo a leanas:

- I Snáithe 1, 2 agus 3: saothair atá níos feiliúnaí do thacaíocht i gcomhthéacs acadúil
- I Snáithe 2 agus 3: saothair nach mbeadh inrochtana ag an bpobal ar bhealach ar bith (e.g. saothair atá le cruthú do spás príobháideach nó do thalamh príobháideach)
- Saothair atá mar chuid de thionscadail foirgníochta nó tógála eile
- Saothair atá ina n-athchóirithe ar shaothair atá ann cheana féin
- Gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú agus le reáchtáil oifige/cleachtais
- Gníomhaíochtaí a bheidh mar chuid de chlár iarchéime saothair
- Gníomhaíochtaí atá le soláthar in ionaid fhoirmiúla oideachais
- Gníomhaíochtaí atá le déanamh do/ i gcomhar le mic léinn san oideachas tríú leibhéal

- Cáipéis (leathanach amháin ar a mhéad) ina leagtar amach an spreagadh le cur isteach ar Shnáithe 1 i gcomhthéacs fhorbairt do chleachtas oibre agus do thaithí
- Cáipéis (dhá leathanach ar a mhéad) ina leagtar amach go soiléir coincheap agus comhthéacs an tionscadail a ndéanfar taighde agus forbairt air, agus ina leagtar amach an plean oibre, achar ama agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo don ghníomhaíocht seo
- Cáipéis (leathanach amháin ar a mhéad) ina sonraítear an comhaontú idir an t-iarratasóir agus aon chomhpháirtithe nó meantóirí beartaithe – ba chóir go gcuirfí miondealú soiléir ar róil agus ar fhreagrachtaí san áireamh in aon cháipéis den sórt sin agus fianaise ar an gcomhaontú den rannpháirteachas

### Snáithe 2: Léiriú

- Foirm iarratais chomhlánaithe i gcomhair Dámhachtana do Thionscadal Ailtireachta
- CV mionsonraithe cothrom le dáta (trí leathanach ar a mhéad) nó beathaisnéis mhionsonraithe an iarratasóra
- Caithfidh ailtirí nó céimithe ailtireachta fianaise ar a gcáilíocht a sholáthar mar a leagtar amach i gcuid **1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?**
- Samplaí de shaothar ailtireachta an ealaíontóra a rinneadh le déanaí a léiríonn a gcleachtas cruthaitheach agus a chuireann bonn eolais faoin saothar beartaithe
- CV cothrom le dáta de chuid gach ealaíontóra atá páirteach sa tionscadal atá beartaithe
- Buiséad mionsonraithe ar leithligh ina leagtar amach an t-ioncam agus caiteachas beartaithe don tionscadal – ní mór é sin a chur isteach chomh maith leis an bhfaisnéis bhuiséid atá san fhoirm iarratais.
- Faisnéis ar aon tacaíocht airgeadais nó urraíocht sonraithe sa buiséad tionscadail – e.g. meabhrán tuisceana, litir thairisceana, ráiteas tacaíochta, nó a leithéid de cháipéis
- Straitéis scaipthe don saothar beartaithe, ina sonraítear conas a rachaidh an pobal i ngleic leis an saothar críochnaithe agus conas a bhainfidh an pobal tairbhe as. Ba cheart é sin a uaslódáil mar cháipéis tacaíochta ar leithligh agus an lipéad '**Straitéis Scaipthe**' air.

### Snáithe 3: Rannpháirtíocht

- Foirm iarratais chomhlánaithe i gcomhair Dámhachtana do Thionscadal Ailtireachta

- CVanna mionsonraithe atá cothrom le dáta (dhá leathanach ar a mhéad) do gach duine a bhfuil baint aige nó aici leis an togra.
- Caithfidh ailtirí nó céimithe ailtireachta fianaise ar a gcáilíocht a sholáthar mar a leagtar amach i gcuid **1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?**
- Buiséad mionsonraithe ar leithligh ina leagtar amach an t-ioncam agus an caiteachas beartaithe don tionscadal (ní mór é sin a chur isteach chomh maith leis an bhfaisnéis bhuiséid atá san fhoirm iarratais)
- Cáipéisí ina sonraítear an comhaontú idir an t-iarratasóir agus aon chomhpháirtithe beartaithe – ba chóir go gcuirfí miondealú soiléir ar róil agus ar fhreagrachtaí san áireamh in aon cháipéis den sórt sin
- Fianaise ar obair chuí agus ábhartha roimhe seo – e.g. samplaí de chláir, d'imeachtaí, de cheardlanna nó de thaispeántais a raibh tú féin nó comhaltaí d'fhoirne bainteach leo
- Cur síos scríofa (dhá leathanach ar a mhéad) den **phlean rannpháirtíochta agus eadrána** i gcomhair do thionscadail. Ba chóir go mbeadh straitéisí a bhaineann le do smaoineamh, réasúnaíocht agus modheolaíocht sa réimse seo san áireamh. Ba cheart go dtabharfaí breac-chuntas sa doiciméad seo ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist agat rannpháirtíocht an phobail leis an ailtireacht a chinntiú mar thoradh ar do thionscnamh. Ní plean margaíochta atá sa doiciméad seo.

D'fhonn an líon mór iarratas a fhaighimid de ghnáth a mheas go tráthúil, **ní féidir linn** athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhair thacaíochta seachas na cinn a liostáiltear thuas.

### Faisnéis bhreise a bhíonn ag teastáil i gcásanna áirithe:

- Má tá tú ag lorg costais rochtana bhreise chun tacú le hobair daoine aonair a bhfuil riachtanais rochtana acu, nó chun tacú le rochtain ar d'áit oibre do lucht féachana a bhfuil riachtanais rochtana acu, cuir cáipéis san áireamh ina bhfuil na costais sin leagtha amach, agus an chaoi ar thángthas orthu. Déan cinnte go gcuireann tú an méid breise san áireamh mar chuid de do bhuiséad.
- Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de do *Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* a chur ar fáil.

